2024/2473

20.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2473 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gclárú sa Tairseach F-gás agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil i Rialachán (AE) 2024/573 maidir le córas leictreonach chun bainistiú a dhéanamh ar an gcóras cuótaí, ar cheanglais cheadúnúcháin maidir le hallmhairí agus onnmhairí, agus ar oibleagáidí tuairiscithe maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe ('an Tairseach F-gás').

(2) Chun feidhmiú rianúil na Tairsí F-gás agus cur chun feidhme na rialuithe custaim agus faireachais margaidh is gá a áirithiú, tá sé tábhachtach na ceanglais maidir le gnóthais a shonrú, ar gnóthais iad ar gá dóibh clárú bailí a bheith acu sa tairseach sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí áirithe. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann faisnéis bhreise a iarraidh ar ghnóthais chun cruinneas agus iomláine na faisnéise sa Tairseach F-gás a áirithiú.

(3) Chun cur chun feidhme éifeachtach an chórais cuótaí agus ceadúnúcháin a áirithiú, saobhadh an chórais cuótaí a sheachaint agus cosc a chur ar theacht timpeall ar na rialacha is infheidhme agus ar mhí-úsáid a bhaint as na rialacha sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais faisnéis áirithe a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis maidir lena suíomh, a ngníomhaíochtaí gnó agus a stádas dlíthiúil agus airgeadais.

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/573, tá an Tairseach F-gás le hidirnascadh le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE). Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais faisnéis áirithe a sholáthar chun gur féidir rialuithe custaim dá bhforáiltear sa Rialachán sin a dhéanamh.

(5) Maidir le gnóthais atá bunaithe lasmuigh den Aontas, a dhéanann iarratas ar leithdháiltí cuótaí, a bhaineann úsáid as cuóta nó a dhéanann cuóta a aistriú, nó a údaraíonn do ghnóthais eile cuóta a úsáid, nó a fhaigheann údaruithe den sórt sin ionas gur féidir leo féin iad a úsáid nó iad a tharmligean chuig gnóthais chláraithe eile, ceanglaítear orthu le Rialachán (AE) 2024/573 ionadaí aonair a cheapadh a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas agus ba cheart a cheangal orthu faisnéis áirithe a sholáthar maidir leis an ionadaí aonair.

(6) I ngeall ar shaintréithe éagsúla a ngníomhaíochtaí, ba cheart a cheangal ar iniúchóirí a fhíoraíonn na tuarascálacha a chuireann gnóthais isteach i gcomhréir le hAirteagal 19(3) agus Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) 2024/573 faisnéis shonrach a sholáthar chun iad féin a chlárú sa Tairseach F-gás.

(7) Chun feidhmiú rianúil na Tairsí F-gás, cur i gcrích rialuithe agus cur chun feidhme ceart an chórais cuótaí a chumasú, ba cheart do ghnóthais a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn siad iomlán cruinn cothrom le dáta.

(8) Agus dlíthe agus rialacha náisiúnta lena rialaítear bunú agus oibriú gnóthas á gcur san áireamh, tá cúnamh ó na Ballstáit de dhíth ar an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iomláine agus cruinneas na faisnéise a sholáthraíonn gnóthais chun críoch clárúcháin sa Tairseach F-gás. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit dul i gcomhar leis an gCoimisiún agus faisnéis a mhalartú leis chun na gcríoch sin.

([1]) IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na rialacha lena n-áirithítear feidhmiú rianúil na clárlainne leictreonaí do chuótaí i gcomhair hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh, clár a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Ós rud é go ndearnadh Rialachán (AE) 2024/573 a ionadú le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 a ionadú freisin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'úinéir tairbhiúil' úinéir tairbhiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6, de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(b) ciallaíonn 'seoladh fisiciúil' seoladh fisiciúil na buanbhunaíochta gnó mar a shainmhínítear i bpointe 32 d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

Airteagal 2

Ceanglais maidir le faisnéis chun clárú a dhéanamh sa Tairseach F-gás

1. Gnóthais atá bunaithe san Aontas, seachas iniúchóirí neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) 2024/573, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún chun iad féin a chlárú sa chóras leictreonach chun bainistiú a dhéanamh ar an gcóras cuótaí, ar cheanglais cheadúnúcháin maidir le hallmhairí agus onnmhairí, agus ar oibleagáidí tuairiscithe maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe ('an Tairseach F-gás'):

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil an ghnóthais mar atá sé sna doiciméid oifigiúla ábhartha i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta;

(b) seoladh fisiciúil an ghnóthais, lena n-áirítear ainm na sráide agus uimhir an fhoirgnimh, an cód poist, ainm na cathrach agus na tíre, mar a léirítear i mbunachar sonraí an Chánachais agus an Aontais Custaim (VIES) agus sa bhunachar sonraí Cláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI);

(c) uimhir theileafóin an ghnóthais, lena n-áirítear an cód idirnáisiúnta diailithe;

(d) uimhir aitheantais CBL an ghnóthais;

(e) uimhir EORI an ghnóthais, más infheidhme;

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2019 lena n-áirithítear feidhmiú rianúil na clárlainne leictreonaí do chuótaí i gcomhair hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh (IO L 112, 26.4.2019, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/661/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/517/oj).

([4]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

(f) ainm an teagmhálaí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas, agus a sheoladh ríomhphoist aonair a úsáidtear chun críoch gairmiúil ina bhfuil, más infheidhme, nasc soiléir le hainm an ghnóthais:

(i) is úinéir tairbhiúil de chuid an ghnóthais é nó í, nó tá sé nó sí fostaithe ag an ngnóthas;

(ii) tá sé nó sí údaraithe chun na hoibleagáidí agus na gníomhaíochtaí ábhartha uile a bhaineann leis an Tairseach F-gás a chomhlíonadh thar ceann an ghnóthais ar bhealach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí ar an ngnóthas;

(g) tuairisc ar ghníomhaíochtaí gnó an ghnóthais;

(h) deimhniú i scríbhinn ar rún an ghnóthais é féin a chlárú sa Tairseach F-gás a bhfuil dáta curtha leis agus atá sínithe ag úinéir tairbhiúil nó fostaí de chuid an ghnóthais atá údaraithe chun ráitis atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhéanamh thar ceann an ghnóthais;

(i) sonraí chuntas bainc an ghnóthais san Aontas a úsáideann an gnóthas chun a ghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh agus iad bailíochtaithe trí bhíthin doiciméad a bhfuil stampa, dáta agus síniú air ó ionadaí bainc nó trí ráiteas bainc oifigiúil bunaidh a bhaineann leis an gcuntas bainc sin san Aontas a bhfuil dáta laistigh de na 3 mhí dheireanacha air.

2. Gnóthais atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil sainordú tugtha acu d'ionadaí aonair dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2024/573, soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún chun iad féin a chlárú sa Tairseach F-gás:

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil an ghnóthais agus an ionadaí aonair mar atá siad sna doiciméid oifigiúla ábhartha i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta agus doiciméad oifigiúil ar a bhfuil an t-ainm agus an fhoirm dhlíthiúil in éineacht le haistriúchán deimhnithe den doiciméad sin i mBéarla; beidh dáta ar an aistriúchán deimhnithe agus beidh ainm, stampa agus síniú an aistritheora air agus gabhfaidh ráiteas leis go bhfuil an t-aistriúchán cruinn iomlán;

(b) seoladh fisiciúil an ghnóthais agus an ionadaí aonair, lena n-áirítear ainm na sráide agus uimhir an fhoirgnimh, an cód poist, ainm na cathrach agus na tíre;

(c) uimhir theileafóin an ghnóthais agus an ionadaí aonair, lena n-áirítear an cód idirnáisiúnta diailithe;

(d) uimhir aitheantais CBL an ionadaí aonair;

(e) sonraí chuntas bainc an ionadaí aonair san Aontas a úsáideann an t-ionadaí aonair chun a ghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh agus iad bailíochtaithe trí bhíthin doiciméad a bhfuil stampa, dáta agus síniú air ó ionadaí bainc nó trí ráiteas bainc oifigiúil bunaidh a bhaineann leis an gcuntas bainc sin a bhfuil dáta laistigh de na 3 mhí dheireanacha air;

(f) ainm theagmhálaí an ionadaí aonair a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas, agus a sheoladh ríomhphoist aonair a úsáidtear chun críoch gairmiúil ina bhfuil, más infheidhme, nasc soiléir le hainm an ghnóthais:

(i) is úinéir tairbhiúil de chuid an ionadaí aonair é nó í, nó tá sé nó sí fostaithe ag an ionadaí aonair;

(ii) tá sé nó sí údaraithe chun na hoibleagáidí agus na gníomhaíochtaí ábhartha uile a bhaineann leis an Tairseach F-gás a chomhlíonadh thar ceann an ghnóthais agus an ionadaí aonair ar bhealach a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí ar an ngnóthas agus ar an ionadaí aonair araon;

(g) seoladh ríomhphoist de chuid an ionadaí aonair;

(h) tuairisc ar ghníomhaíochtaí gnó an ghnóthais;

(i) deimhniú i scríbhinn ar rún an ghnóthais é féin a chlárú sa Tairseach F-gás a bhfuil dáta curtha leis agus atá sínithe ag úinéir tairbhiúil nó fostaí de chuid an ghnóthais atá údaraithe chun ráitis atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhéanamh thar ceann an ghnóthais agus ag úinéir tairbhiúil nó fostaí de chuid an ionadaí aonair agus atá údaraithe chun ráitis atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhéanamh thar ceann an ionadaí aonair;

(j) uimhir EORI an ghnóthais, más infheidhme.

3. Soláthróidh iniúchóirí neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) 2024/573 an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún chun iad féin a chlárú sa Tairseach F-gás:

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil mar atá sé sna doiciméid oifigiúla ábhartha i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta;

(b) ainm an iniúchóra/na n-iniúchóirí, a shíníonn an tuarascáil fíorúcháin, agus seoladh ríomhphoist aonair a úsáideann an duine sin chun críoch gairmiúil agus chun na gcríoch sin amháin;

(c) seoladh, lena n-áirítear ainm na sráide agus uimhir an fhoirgnimh, an cód poist, ainm na cathrach agus na tíre;

(d) uimhir theileafóin, lena n-áirítear an cód idirnáisiúnta diailithe;

(e) ainm teagmhálaí agus seoladh ríomhphoist aonair a úsáideann an duine sin chun críoch gairmiúil agus chun na gcríoch sin amháin;

(f) doiciméadacht lena gcruthaítear creidiúnú an iniúchóra mar a leagtar amach in Airteagal 19(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/573;

(g) liosta na mBallstát ina bhfuil an t-iniúchóir údaraithe an t-iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 19(3), an chéad fhomhír, nó in Airteagal 26(8), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/573 a dhéanamh, de réir mar is infheidhme, chomh maith leis na teangacha ina bhfuil siad údaraithe an t-iniúchadh sin a dhéanamh.

4. Chun go mbeidh allmhaireoirí agus táirgeoirí nach bhfuil cláraithe sa Tairseach F-gás incháilithe chun dearbhú a chur isteach de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2024/573, cuirfidh siad iarraidh ar chlárú a chur isteach faoin 1 Feabhra den bhliain chéanna ina gcuirfear an dearbhú isteach.

Airteagal 3

Ceanglais maidir le faisnéis bhreise chun clárú a dhéanamh sa Tairseach F-gás

1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ghnóthas faisnéis a sholáthar maidir le céannacht úinéirí tairbhiúla an ghnóthais, agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht ionadaí aonair an ghnóthais, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gcineál úinéireachta tairbhiúla agus maidir leis an gcineál agus an leibhéal rialaithe atá gach úinéir den sórt sin i dteideal a fheidhmiú.

2. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás ina bhfuil údar maith leis tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 2 agus, más infheidhme, faoi mhír 1 den Airteagal seo, a iarraidh ar an ngnóthas an méid seo a leanas a sholáthar:

(a) faisnéis bhreise nó fianaise thacaíochta lena léirítear cruinneas agus iomláine na faisnéise a sholáthraítear faoi Airteagal 2 nó, de réir mar a bheidh, faoi mhír 1 den Airteagal seo i gcás an ghnóthais nó ionadaí aonair an ghnóthais;

(b) plean gnó an ghnóthais le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo agus forléargas ar ghníomhaíochtaí gnó a rinneadh roimhe;

(c) doiciméad lena soláthraítear cruthúnas ar struchtúr bainistíochta an ghnóthais;

(d) faisnéis maidir le stádas dlíthiúil nó airgeadais úinéir tairbhiúil an ghnóthais nó an ionadaí aonair;

(e) faisnéis maidir le haon nasc, amhail naisc dhlíthiúla, eacnamaíocha nó fhioscacha, le gnóthais eile, nó le húinéirí tairbhiúla gnóthas eile, a bhfuil iarraidh ar chlárú curtha isteach acu nó atá cláraithe cheana féin sa Tairseach F-gás;

(f) aon fhaisnéis nó fianaise thacaíochta go bhfuil taithí ag an allmhaireoir nó ag an táirgeoir ar ghníomhaíochtaí trádála ceimiceán nó ar threalamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin, teaschaidéil nó trealamh cosanta ar dhóiteáin a sheirbhísiú ar feadh 3 bliana as a chéile;

(g) aon fhaisnéis nó fianaise thacaíochta lena gcruthaítear cruinneas an tseolta fhisiciúil a soláthraíodh cheana;

(h) aon fhaisnéis bhreise nó fianaise thacaíochta bhreise lena gcruthaítear cruinneas na faisnéise a soláthraíodh cheana.

3. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh aistriúchán deimhnithe i mBéarla ag gabháil le haon fhaisnéis bhreise nó fianaise thacaíochta a iarrtar faoi mhír 2 ó ghnóthais a thug sainordú d'ionadaí aonair.

4. Cuirfidh gnóthais aon fhaisnéis nó fianaise a iarrfar faoin Airteagal seo isteach laistigh de 10 lá oibre tar éis dháta na hiarrata nó laistigh de thréimhse níos faide ná sin a fhéadfaidh an Coimisiún a chomhaontú tar éis don ghnóthas iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh ar shíneadh.

Airteagal 4

Oibleagáid faisnéis a thabhairt cothrom le dáta

Áiritheoidh gnóthais atá cláraithe sa Tairseach F-gás go gcoimeádfar an fhaisnéis a sholáthraíonn siad nó a sholáthraítear thar a gceann faoin Rialachán seo cothrom le dáta agus soláthróidh siad faisnéis cothrom le dáta don Choimisiún a luaithe a thiocfaidh athrú ar aon fhaisnéis den sórt sin nó a luaithe a scoirfidh sí de bheith iomlán nó cruinn.

Airteagal 5

Clárúcháin a dhiúltú, a chur ar fionraí agus a chur ar ceal

1. Féadfaidh an Coimisiún diúltú clárú gnóthais sa Tairseach F-gás a bhailíochtú, nó féadfaidh sé clárú gnóthais a chur ar fionraí in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) mura gcomhlíontar ceanglais an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 2024/573 i ndáil leis an ngnóthas sin;

(b) má tá aon fhaisnéis nó fianaise a sholáthraíonn gnóthas nó a sholáthraítear thar a cheann faoin Rialachán seo míchruinn nó neamhiomlán;

(c) i gcás inar soláthraíodh faisnéis bhréagach d'aon ghnó.

De bhreis ar na himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún clárú gnóthais sa Tairseach F-gás a chur ar fionraí má tá fianaise ann ar mhí-iompar a bhaineann le hidirbhearta sa Tairseach F-gás lena n-áirítear i gcás ina bhfuil fianaise ann nach bhfuil siad ag freagairt d'iarrataí ar fhaisnéis ón gCoimisiún, ó údaráis inniúla na mBallstát nó ó ghnóthais eile atá cláraithe sa Tairseach F-gás.

Cuirfear an gnóthas lena mbaineann agus údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha ar an eolas, tríd an Tairseach F-gás, faoi na cúiseanna le diúltú clárú a bhailíochtú nó le clárú a chur ar fionraí.

2. I gcás ina gcuirfear clárú gnóthais ar fionraí faoi mhír 1, cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an bhfionraí agus cuirfidh sé an clárú ar ais i gcás ina gcomhlíonfar ina dhiaidh sin ceanglais an Rialacháin seo nó Rialachán (AE) 2024/573, de réir mar is infheidhme, i ndáil leis an ngnóthas nó, de réir mar is infheidhme, i gcás ina ndéanfar an fhaisnéis nó an fhianaise a sholáthair an gnóthas nó a soláthraíodh thar a cheann faoin Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta ina dhiaidh sin ionas go mbeidh sí cruinn iomlán.

3. Cuirfidh an Coimisiún clárú gnóthais ar ceal i gcás inar soláthraíodh faisnéis bhréagach d'aon ghnó nó mura soláthraíonn gnóthas, tar éis fionraí, an fhaisnéis nó an fhianaise is gá a sholáthar nó mura dtugann sé a fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta faoin Rialachán seo. Cuirfear an gnóthas lena mbaineann agus údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha ar an eolas, tríd an Tairseach F-gás, faoi na cúiseanna leis an gclárú a chur ar ceal.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún clárú gnóthas ar ceal arna iarraidh sin dóibh, lena n-áirítear arna iarraidh sin don ionadaí aonair i gcás gnóthais atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

4. I gcás nach gcomhlíonann clárúcháin gnóthas an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2024/573 maidir lena seoladh fisiciúil, ní choinneoidh an Coimisiún ach clárú an ghnóthais a cláraíodh ar dtús, mura bhfuil sé léirithe ag an ngnóthas a chláraigh ar dtús gur cheart gnóthas eile a choinneáil agus cuirfidh sé clárú na ngnóthas atá fágtha ar ceal.

I gcás nach gcomhlíonann na hiarrataí ar chlárú ó ghnóthais an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2024/573 maidir lena seoladh fisiciúil, ní bhailíochtóidh an Coimisiún ach an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach ar dtús, mura bhfuil sé léirithe ag an ngnóthas a chuir an chéad iarraidh isteach gur cheart iarraidh ar chlárú eile a bhailíochtú.

5. I gcás ina gcuirfear clárú sa Tairseach F-gás ar ceal, rachaidh aon chuóta agus údarú atá ar fáil ar neamhní agus ní dhéanfar aon ghníomhaíocht ar ceanglaíodh clárú ina leith faoi Rialachán (AE) 2024/573 ó thráth an chealaithe. An gnóthas ar cuireadh an clárú sa Tairseach F-gás ar ceal ina leith, áiritheoidh sé go gcomhlíonfar na hoibleagáidí maidir le tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí roimhe sin dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/573.

Airteagal 6

Malartú faisnéise

Arna iarraidh sin, rachaidh na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún agus malartóidh siad faisnéis leis nuair is gá sin chun measúnú a dhéanamh ar iomláine agus cruinneas na faisnéise a sholáthraíonn gnóthais chun críoch clárúcháin faoin Rialachán seo.

Airteagal 7

Próiseáil sonraí pearsanta

1. Féadfar sonraí pearsanta gnóthais a phróiseáiltear sa Tairseach F-gás a choinneáil ar feadh uastréimhse 5 bliana tar éis an chláraithe a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 5(3).

2. Áiritheoidh an Coimisiún go scriosfar sonraí pearsanta trí mhodhanna teicniúla i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 8

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661.

Déanfar tagairtí do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil san Iarscríbhinn.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tábla comhghaoil

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/661	An Rialachán seo
Airteagal 1	—
Airteagal 2	Airteagal 1
Airteagal 3	Airteagal 2
Airteagal 4	Airteagal 3
Airteagal 5	Airteagal 4
Airteagal 6	Airteagal 5
Airteagal 7	-
Airteagal 8	Airteagal 6
Airteagal 9	Airteagal 7
Airteagal 10	Airteagal 9